



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2020

Amharc-Ealaín

Treoir do Mheasúnú Rang-bhunaithe 2
agus don Mheasúnú Deiridh

Sampla

200 Marc

Eolas d'Iarrthóirí

Mar chuid de do chuid oibre san Amharc-Ealaín sa tríú bliain déanfaidh tú tionscadal ina bhforbróidh tú agus ina ndéanfaidh tú dhá dhéantán. Tá dhá chéim sa tionscadal seo. Is é Measúnú Rang-bhunaithe 2 an chéad chéim. Is é an Measúnú Deiridh an dara céim.

Céim 1 – Measúnú Rang-bhunaithe 2:

Sa chéim seo, déanfaidh tú taighde, turgnamh, cleachtadh agus forbairt ar smaointe agus ar theicnící a bhaineann le raon foinsí príomha atá bunaithe ar na téamaí sa treoir seo. Féadfaidh tú níos mó ná téama amháin a fhiosrú sa chéim seo sula roghnaíonn tú an téama a dteastaíonn uait leanúint ar aghaidh leis.

Críochnófar Measúnú Rang-bhunaithe 2 go luath i mí na Nollag. Baileofar do chuid oibre don chéim seo i do Bhloc Sceitseála don Amharc-Ealaín.

Ag deireadh na céime taighde agus turgnaimh seo, cuirfidh tú do shaothar i láthair agus déanfaidh tú machnamh ar an aiseolas ó do mhúinteoir agus ó do phiaraí. Comhlíonfaidh tú *Foirm Cuir in Iúl agus Déan Machnamh*. Ar an bhfoirm seo déanfaidh tú achoimre ar na cúiseanna ar roghnaigh tú an saothar a chuir tú i láthair do mhúinteora agus do phiaraí, déanfaidh tú achoimre ar an aiseolas a tugadh duit, agus luafaidh tú conas a theastaíonn uait forbairt níos iomláine a dhéanamh ar na smaointe agus dhá dhéantán a dhéanamh díobh. Cuireann seo deireadh le Measúnú Rang-bhunaithe 2, an chéad chéim sa tionscadal agus tús an dara céim.

Céim 2 – Measúnú Deiridh:

Agus Céim 1 ag teacht chun críche, tabharfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leabhar oibre duit a chuideoidh leat an dara céim den tionscadal a chríochnú. Sa leabhar oibre seo déanfaidh tú forbairt níos iomláine ar do smaointe agus déanfaidh tú do dhéantán. Is é atá sa chéad dá leathanach a chomhlíonfaidh tú sa leabhar oibre seo ná an *Fhoirm Cuir in Iúl agus Déan Machnamh*. Úsáidfidh tú an fhoirm mar phointe tosaithe chun forbairt níos iomláine a dhéanamh ar do chuid smaointe agus teicnící d'fhonn do dhá dhéantán a fhíorú.

Níor mhór duit a chur san áireamh freisin go bhfuil trí Shnáithe san Amharc-Ealaín: Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh. Tá Measúnú Rang-bhunaithe 1 i gceann amháin de na Snáitheanna seo curtha i gcrích cheana agat. Na déantán a fhorbraíonn agus a dhéanann tú don Mheasúnú Deiridh, ní mór duit iad a dhéanamh tríd an dá Shnáithe eile. Murar fhíoraigh tú saothar tríthoiseach do Mheasúnú Rang-bhunaithe 1, is gá duit déantán amháin tríthoiseach a fhíorú don Mheasúnú Deiridh.

Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm ag cúrsa Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí go mblaisfeá raon leathan eispéreas agus scileanna ealaín-bhunaithe, ba chóir duit éagsúlacht do thaithí a léiriú agus déantán fhíoraite a chur i láthair in dhá *réimse dhifriúla cleachtais*. Is féidir na réimsí cleachtais seo, agus cinn nach iad, a chur san áireamh: líníocht, péintéireacht, déanamh priontaí, dealbhóireacht, meáin lionsa-bhunaithe, teicstílí, ceirmeacht, ilmheáin, meáin mheasctha, grafaicí, seodra, dearadh táirgí, dearadh faisín, léaráidí agus maisiú, dearadh amharclannaíochta/seit, agus dearadh timpeallachta/ailtireachta. Is ceadmhach meascán de réimsí cleachtais a úsáid chomh maith. D'fhéadfadh go mbeadh meáin dhigiteacha san áireamh i gcuid de na réimsí cleachtais seo.

Inseoidh do mhúinteoir tuilleadh duit faoina a bhfuil le déanamh agat do chéim Mheasúnú Rang-bhunaithe 2. Cuideoidh na treoracha thíos leat an dara céim de do thionscadal a chur i gcrích.

Treoracha d'Iarrthóirí

1. Ba chóir go mbeadh do chuid oibre físiúil ó nádúr den chuid is mó.
2. Ní mór duit leabhar saothair comhlíonta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar aon le dhá dhéantán fhíoraithe a chur isteach don Mheasúnú Deiridh.
3. Is gá go mbeidh an obair uile a chuireann tú isteach bunaithe ar **cheann amháin** de na téamaí sa treoir seo.
4. Ba chóir go mbeadh oibriú ó fhoinsí príomha bunaithe ar an téama a roghnaigh tú ina shainghné de do shaothar le linn do thionscadail.
5. Ní mór duit a chinntiú gur féidir an t-ábhar a roghnaíonn tú ar do théama a iniúchadh ar bhealach físiúil, mar shampla: le líníocht, le staidéar dathanna a dhéanamh, le grianghrafadóireacht, le staidéir thríthoiseacha a dhéanamh, agus le bealaí eile a úsáid chun a bhfeiceann agus a shamlaíonn tú a thaifeadh. Caithfidh tú úsáid a bhaint as na híomhánna a chonaic tú nó a shamlaigh tú féin.
6. Bá chóir go mbeadh tagairtí do chultúr agus léirithiú físiúil le feiceáil go soiléir i do thionscadal. Is é sin, ba chóir duit a thaispeáint conas ar imríodh tionchar ar do shaothar trí chuimhneamh ar shaothar, theicnící agus smaointe ealaíontóirí eile. Moltar duit cuairteanna a thabhairt ar ghailearaithe, mhúsaeim, stiúideonna agus láithreacha cuí eile chun taithí a fháil ar ealaín, cheardaíocht agus obair dheartha ealaíontóirí eile.
7. Ní mór duit do leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a úsáid chun taifead a dhéanamh den taighde agus den fhorbairt bhreise a thug i dtreo chomhlíonadh do dhéantán fíoraithe tú.
8. Ba chóir go dtaispeánfadh an obair i do leabhar oibre go soiléir próiseas forbartha do smaointe ina moltaí deiridh i dtreo na ndéantán a dhéanann tú. Ba chóir go mbeadh tagairt ansin do na cinntí suntasacha a rinne tú. Ba chóir nótaí a dhéanamh.
9. Sa leabhar oibre ní mór duit líníocht bhreathnaitheach agus anailíseach a thaispeáint chomh maith le húsáid na líníochta chun do smaointe i raon meán a fhorbairt.
10. I ndiaidh duit do dhéantáin fhíoraithe a chur i gcrích déanfaidh tú machnamh ar do shaothar agus déanfaidh tú an machnamh seo a bhreacadh i do leabhar oibre. Ní triail fhoirmeálta í seo ar do chuid scríbhneoireachta ach bealach ina bhféadfaidh tú do chuid oibre a chosaint, a mheas agus critic a dhéanamh uirthi.

Riachtanais Phraiticiúla

1. Ba chóir duit obair a phleanáil a bhféadfaí í a chur i gcrích laistigh den am atá ar fáil agus tú ag úsáid na mbunábhar agus an trealaimh atá ar fáil i do scoil.
2. Is gá go ndéanfaidh do mhúinteoir monatóireacht rialta ar do chuid oibre le linn thréimhse an tionscadail.
3. Ba chóir go mbeadh scála do chuid oibre in oiriúint don am atá ar fáil agus do na teicnící, na bunábhair agus na meáin atá in úsáid agat. Ba chóir toise A5 ar a laghad agus A2 ar a mhéad a bheith ar na déantáin fhíoraithe dhéthoiseacha. Níor chóir go mbeadh déantáin fhíoraithe thríthoiseacha níos mó ná 1 mhéadar ar an toise is mó. I gcás obair scannánaíochta, beochana, etc., níor chóir go mairfeadh sí níos lú ná 1 nóiméad nó níos mó ná 3 nóiméad.
4. Níor chóir ábhair shomheata a úsáid le haghaidh do chuid oibre agus ba chóir dóibh a bheith sách láidir lena chinntiú go mbeidh do chuid oibre slán i gcomhair phróiseas na marcála agus an achomhairc.

Leabhar Oibre Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Ba chóir go mbeadh na nithe seo istigh i do leabhar oibre comhlíonta:

- **Foirm Cuir in Iúl agus Déan Machnamh** chomhlíonta ina luafar an treo a rachaidh do chuid oibre i ndiaidh Mheasúnú Rang-bhunaithe 2.
- **Bileog Thionchar** a léireoidh conas a ndeachaigh do chuid staidéir ar chultúr físiúil comhaimseartha agus stairiúil i gcion ar do chuid oibre agus an bhaint atá acu léi. Féadann siad seo teacht ó raon leathan spreagthach físiúil agus d'fhéadfaí, mar shampla, tagairt do chur chuige, teicnící, modhanna, smaointe nó teachtaireachtaí físiúla eile. Ba chóir go mbeadh obair atá bainteach leis an dá dhéantán fhíoraithe sa Bhileog Thionchar. Féadfaidh tú bheith ag cur léi de réir mar a fhorbraíonn do smaointe.
- **Dhá bhileog** forbartha faoi choinne gach déantáin.
- **Bileog Forbartha 1** ina ndéanfaidh tú na smaointe a sholáthair tú i do Mheasúnú Rang-bhunaithe 2 a fhiosrú, a mheas agus a athmheas i slite úra difriúla de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Ní mór duit súil siar a chaitheamh go rialta ar an obair atá déanta cheana agat chun na slite ar éirigh agus nár éirigh léi a aithint, agus chun cuidiú leat cinneadh a dhéanamh faoin gcéad chéim eile. Ba chóir duit do chinntí a nótaíl. Ní mór líníocht bhreathnaitheach anailíseach i raon meán a léiriú san obair ar na bileoga forbartha.
- **Bileog Forbartha 2** a leanann ar aghaidh ó do bhileog forbartha 1 agus ba chóir go dtaispeánfadh sí an dóigh a dtéann do smaointe chun cinn agus úsáid á baint agat as na hábhair, na meáin agus na teicnící a roghnaigh tú. Ba chóir go gcuirfeadh sí in iúl, chomh maith, an moladh atá agat le haghaidh do dhéantáin fhíoraithe. Cuireann an moladh in iúl cad atá tú ag dul a dhéanamh, agus cén roghnú ábhar agus teicnící cuí atá déanta agat d'fhonn do phlean a chur i gcrích ar an gcaighdeán is airde is féidir.
- **Machnamh agus Meastóireacht**, atá le comhlíonadh agat do gach ceann de do dhéantáin fhíoraithe agus ina gcosnóidh agus a mheasfaidh tú do chuid oibre agus ina ndéanfaidh tú critíc uirthi.

Is ceadmhach roinnt staidéar nó grianghraf a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga agus iad a chur isteach i do leabhar oibre. Is gá go mbeadh do mhúinteoir in ann a dheimhniú gur obair de do chuid oibre féin iad.

Féadfaidh samplaí d'obair thrialach a rinne tú féin sa seomra ealaíne le linn thréimhse an tionscadail a bheith i do leabhar oibre, ar nós greamanna bróidnéireachta ar fhabraic, meascáin dathanna, trialacha uigeachta, trialacha ar chúldathanna éagsúla, do ghrianghraif féin, gabhálacha scáileáin, asphriontaí de de do bhunábhar féin agus nótaí scríofa. Ba chóir go mbeadh na samplaí (cúldathanna, obair thrialach, etc.) a ghreamaíonn tú isteach beag go leor go mbeidh dóthain spáis agat do chuid oibre a dhéanamh go díreach sa leabhar oibre.

Is gá go mbeidh do dhéantáin fhíoraithe bunaithe ar an eolas físiúil agus scríofa atá curtha le chéile agat i do leabhar oibre.

Téamaí

- Roghnaigh **ceann amháin** de na téamaí thíos agus bunaigh do chuid oibre ar an téama seo:
 - Mo Chiste**
 - Gluaiseacht**
 - Na Séasúir.**
- Féadfaidh tú, más áil leat, leas a bhaint as an ábhar tacaíochta atá molta faoi gach ceann de na téamaí thíos. Luaitear san ábhar tacaíochta seo réimsí féideartha fiosraithe laistigh den téama a bhféadfá spéis a chur iontu. Mar sin féin, níl iontu sin ach moltaí agus tá a lán cur chuige eile ann a bhféadfá úsáid a bhaint astu.
- Roghnaigh do chur chuige **féin** agus déan do chuid oibre **féin** bunaithe ar **do** rogha téama.

Téama A	Téama B	Téama C
Mo Chiste	Gluaiseacht	Na Séasúir
<i>Ábhar Tacaíochta</i>	<i>Ábhar Tacaíochta</i>	<i>Ábhar Tacaíochta</i>
<p>Cad is ciste ann, dar leat? An bhféadfadh gur ceann acu seo é: airgead, sealúchas, am, peata, leabhair, aisling, do theaghlach, cara leat, cuimhní, do chaitheamh aimsire, rún, saibhreas, clú nó meas? Cén áit a bhféadfaí é a fháil? San áiléar, i mbosca, i do mhála, i do chloigeann? Cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar do chiste?</p>	<p>Mall, tapa, tobann, téaltú? Gníomhaíocht, soghluaisteacht, céimeanna, siúl, fálróid? An bhféadfadh gur ceann acu seo é: an cholainn, an inchinn, an cnámharlach, innill, móitair, luas, spórt, maratóin, rith, rince, patrún, sreabhadh, rithim? Cá bhfeiceann tú gluaiseacht? Cathracha, tuath, gaoth, aibhneacha, srutháin, ainmhithe, dúlra?</p>	<p>Cén tráth den bhliain é? Smaoinigh ar an aimsir, dátaí tábhachtacha, plandaí, bia, feirmeoireacht, laethanta saoire, fás, lobhadh, dathanna, fómhar, stoirmeacha, fliuch, tirim, fuar, sioc. Laethanta breithe, cóisirí, peil, faisean, scrúduithe, scoil, comórtais. Torthaí, glasraí, bláthanna. As séasúr. Tréimhse ama, féilirí, cloig.</p>

Marcanna agus Critéir Mheasúnaithe

Is mar seo a leanas a roinntear an 200 marc a ghabhann leis an tionscadal seo:

Leabhar Oibre	100 marc
Déantán 1	50 marc
Déantán 2	50 marc.

Marcálfar do chuid oibre de réir cé chomh maith is a léiríonn tú cumas dul i ngleic le:

- Teanga chriticiúil agus fhísiúil
- Líníocht
- Cultúr agus léirthuisicint fhísiúil
- Eilimintí na healaíne agus prionsabail deartha.
- Meáin.

Rialacháin Scrúdaithe

1. Is **ort féin** mar iarrthóir atá an fhreagracht cloí leis na rialacháin seo. Mura gcloíonn tú leis na rialacháin seo, ní bheidh do mhúinteoir Ealaíne in ann do chuid oibre a bhailíochtú.
2. Caithfidh gur do chuid oibre féin a bheidh sa leabhar oibre comhlíonta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus sa dá dhéantán fhíoraithe a chuirfidh tú isteach don mheasúnú.
3. Ní mór iomlán do chuid oibre a dhéanamh faoi mhaoirseacht do mhúinteora. Ní bhronnfar marcanna ar obair nach bhféadfaidh do mhúinteoir a dheimhniú mar do chuid oibre féin.
4. Nuair a úsáideann tú foinsí taighde, an tIdirlíon san áireamh, ní mór duit aitheantas a thabhairt do na foinsí sin. Ní bhronnfar aon mharcanna ar ábhar taighde a cóipeáladh go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí eile agus a chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin.
5. **Ní ceadmhach** do leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ná na déantáin fhíoraithe a thabhairt amach as an scoil in am ar bith ná ar chúinse ar bith, é sin nó d'fhéadfadh go measfaí d'obair chúrsa a bheith neamhbhailí.
6. Ní mór an leabhar oibre comhlánaithe ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus an dá dhéantán fhíoraithe a bheith ar fáil faoi choinne measúnaithe faoin dáta deiridh.
7. Tá sonraí breise ar fáil ó do mhúinteoir maidir le déantáin dhigiteacha a chur isteach.

Do Shaothar a chur isteach

Ní mór duit trí rud a chur isteach:

- Leabhar oibre comhlíonta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- déantán fíoraithe 1
- déantán fíoraithe 2.

Is gá d' uimhir scrúdaithe a bheith ar taispeáint go soiléir ar gach mír oibre a chuireann tú isteach.

Ní mór duit teideal an téama a roghnaigh tú a chur in iúl go soiléir i do leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ní mór do leabhar oibre ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus aon déantáin fhíoraithe dhéthoiseacha a chur sa chlúdach a chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil i do scoil.

Ní mór déantáin fhíoraithe thríthoiseacha a shuí ar bharr an chlúdaigh.

Níor chóir déantáin thríthoiseacha a chur faoi chlúdach ná i mbosca.

Má tá saothar digiteach le cur ar fáil le breathnú air, is gá go mbeidh ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce de chuid na scoile curtha ar fáil agus an saothar uaslódáilte agus ullamh le breathnú air.

An tSraith Shóisearach – Comhleibhéal

Amharc-Ealaín – Treoir Shamplach